

**CGT
DUILLÍN PÁ B****Cáin Ghnóchan Caipitiúil (CGC)
Íocaíocht dlite ar 31 Eanáir, 2017****Revenue**
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs **CÉARD IAD NA HÍOCAÍOCHTAÍ CGC ÁTÁ DLITE AR 31 Eanáir, 2017**

Méid na cánach atá dlite ar ghnóchain caipitiúla a rinne tú ar dhiúscairtí sa tréimhse 1 Nollaig 2016 go 31 Nollaig 2016.

DÍOLÚINTÍ/FAOISIMH AGUS RÍOMH NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ CGC

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais ar dhíolúintí, fhaoisimh agus ríomh na cánach gnóchain caipitiúla sa bhileog 'Treoir maidir le Cáin Ghnóchan Caipitiúil' atá ar fáil ónár suíomh gréasáin www.revenue.ie, nó ónár Seirbhís Fhoirmeacha agus Bhileoga ar Íosghlao **1890 30 67 06** nó ó aon oifig cánach.

AG CUR CGC AR DO THUAIRISCEÁN CÁNACH FÉINMHEASÚNAITHE

Chomh maith le d'íocaíocht, caithfidh tú freisin an ghnóchan caipitiúil a áireamh ar do thuairisceán ioncaim bliantúil ar nó roimh 31 Deireadh Fómhair sa bhliain a leanann an bhliain chánach ina dhéantar an diúscairt. Mura bhfuil ort tuairisceán cánach ioncaim a chur isteach de ghnáth, déan do thuairisceán ar ghnóchain caipitiúla ar Fhoirm CG1. Gheobhaidh tú foirm thuairisceáin ó d'oifig cánach, ónár Seirbhís Fhoirmeacha agus Bhileoga nó ar ár suíomh gréasáin.

AG DÉANAMH ÍOCAÍOCHTA CGC

Caithfear an fhoirm seo a úsáid chun Cáin Ghnóchan Caipitiúil a íoc don tréimshe 1 Nollaig 2016 go 31 Nollaig 2016. Féach sonraí lastall faoi conas íocaíocht a dhéanamh.

Tabhair faoi deara nach tuairisceán cánach í an fhoirm seo. Má chuireann tú isteach an fhoirm seo beidh ort fós an cháin caipitiúil a thuairisciú mar a luaitear thuas.

Tá sé tábhachtach go n-íocfá an cháin ghnóchan caipitiúil cheart agus go n-íocfá tú in am trátha í. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh muirir úis i gceist.

SEOLADH FILLTE

Cuir an fhoirm chomhlánaithe seo ar ais le do thoil chomh maith le d'íocaíocht chuig an Ard-Bhailitheoir ag an seoladh seo:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Rannán an Ard-Bhailitheora, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinséis, Luimneach.

Fiosruithe teileafóin maidir le híocaíochtaí chuig: **Íosghlao 1890 20 30 70**

DUILLÍN PÁ**CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL (CGC) B**

Ainm:

Uimhir PSP

Seoladh:

Gheobhaidh tú d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí ar do Theastas Creidmheasa Cánach

Síniú:

Breac isteach an Cháin Ghnóchan Caipitiúil sa spás iomchuí thíos don tréimhse atá luaite.

Suim na híocaíochta don tréimhse
01/12/16 - 31/12/16

Sláneuro amháin - ná cuir ceint isteach

Dáta:



Cáin Ghnóchan Caipitiúil

MODHANNA ÍOCAÍOCHTA

Is féidir leat íocaíocht a dhéanamh i gcoinne dliteanais cánach ar cheann de na bealaí seo:

1. Seirbhís Ar-Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)

Chun mioneolas a fháil ar conas tuairisceáin a chur isteach agus íocaíochtaí a dhéanamh trí Sheirbhís Ar-Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) logáil isteach ar ár suíomh gréasáin ag www.revenue.ie nó glaoigh ar **1890 20 11 06**.

2. moChúrsaí

Is féidir le custaiméirí moChúrsaí íocaíochtaí a dhéanamh ar líne trí chliceáil ar an nasc moChúrsaí ar leathanach baile na gCoimisinéirí Ioncaim.

Is féidir leat clarú le haghaidh moChúrsaí tríd an nasc “Cláraigh le haghaidh moChúrsaí” ag www.revenue.ie. Beidh d’UPSP agus pasfhocal ag teastáil uait chun íocaíocht a dhéanamh.

Is féidir leat moChúrsaí a úsáid chun íocaíocht CGC a dhéanamh má tá tú cláraithe le haghaidh CGC faoi láthair, nó má bhí tú cláraithe le haghaidh CGC cheana, ag úsáid:

- cárta dochair nó cárta creidmheasa
- dochar aonaire - ‘Treoir Dochair Shingil’ - ag úsáid cuntais bainc

3. Seic

.Cuir íocaíochtaí seic leis an duilín pá comhlánaithe chuig an Ard-Bhailitheoir ag an seoladh thall.

.Ní mór gach seic a bheith crosáilte agus iníochta leis an Ard-Bhailitheoir.

NÁ SEOL AIRGEAD TIRIM

AN TÁBHACHT A BHAINNEANN LE HÍOCAÍOCHTAÍ TRÁTHÚLA

- Déan deimhin de go bhfágann tú go leor ama - ar a laghad trí lá oibre - ionas go sroichfidh d’íocaíocht an tArd-Bhailitheoir roimh an dáta dlite.
- Gabhann muirear úis le híocaíocht dhéanach cánach.
- Is féidir le bailiú éigeantach tríd an Sirriam, imeachtaí Cúirte nó Fógra Astaithe a bheith mar thoradh ar theip cáin a íoc, nó í a íoc in am.

Gabhann costais le forfheidhmiú, sa bhreis ar aon ús gearrtha.

FIOSRUITHE

Ba chóir aon fhiosrú maidir le dliteanas a sheoladh chuig d’Oifig Chánach áitiúil.

Ba chóir aon fhiosrú maidir le híocaíocht a chur chuig Oifig an Ard-Bhailitheora, Teach an tSáirséalaigh, Sráid Phroinsias, Luimneach.